Na héifeachtaí a bhíonn ag an gcaoi a dtaistealaímid chun na scoile

TAISTEAL GNÍOMHACH VS AN CARR

Sochair Shóisialta

Limistéar níos sábháilte os comhair na scoileanna
Baineann scoileanna tairbhe as cáilíocht aeir níos glaine agus as rochtain níos sábháilte ar an scoil nuair thagann níos mó daltaí chun na scoile ag siúl nó ar rothair

Neamhspleáchas
Trí líon na gcarranna ag g eataí scoile a laghdú, beidh leanaí ábalta taisteal go gníomhach, go sábháilte agus go neamhspleách

Aclaíocht
TTrí aclaíocht, méadaítear l eibhéil corpacmhainne, fuinnimh agus airdill mar thoradh ar thaisteal gníomhach

Intinn fholláin
Is féidir ionoirfiní dearfacha a scaoileadh trí thaisteal gníomhach agus aclaíocht

Folláine shóisialta
Cruthaítear cuimhní agus cothaítear caidreamh trí thaisteal gníomhach chun na scoile

Sochair Sláinte

Croí sláintiúil
Bíonn éifeacht chosantach ag óige ghníomhach ar shláinte chardashoithíoch de réir mar a théann leanaí in aois

Dlús cnámh
Méadaíonn dlús cnámh trí aclaíocht glactha meáchain, cosúil le siúl & rith

Saol neamh-ghníomhach
Cuireann an méid ama a chaitheann leanaí i gcarranna le stíleanna maireachtála neamhghníomhacha

Trácht feithiclí
Cuireann trácht bac ar rochtain ar an scoil agus bíonn sé níos deacra leanaí a fheiceáil agus iad ag trasnú an bhóthair dá bharr

Míbhuntáistí

Ábhar cáithníneach (PM)
Cruthaíonn PM ó fheithiclí tionchair dhiúltacha nach beag ar shláinte an duine

Dé-ocsaíd sulfair (SO_2)
Astaíonn ceimiceáin SO2 thocsaineacha ó charranna - nuair a dhéantar iad a ionanálú i gcainníochtaí móra bíonn tionchar aige ar ár sláinte

Ocsaídí nítrigine (NOx)
TIs iad modhanna iompair príomhfhoinse NOx in Éirinn agus tá baint aige sin l e plúchadh agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach

Aonocsaíd charbóin (CO)
Tá aonocsaíd charbóin a astaítear ó innill ar leibhéil arda tocsaineach do dhaoine agus d'fhéadfadh siomptóim mar a bheadh fliú a bheith ar dhuine mar thoradh air